



An Bhruiséil, 9 Samhain 2018
(OR. en)

14012/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0218(COD)**

**AGRI 529
AGRIFIN 123
AGRIORG 97
AGRILEG 192
CODEC 1927
CADREFIN 335**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/ an Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13578/18
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9556/18 + REV 1 (en, de, fr) + COR 1
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta, Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach ar tháirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas, agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht i bhfabhar na n-oileán beag Aeigéach - Tuarascáil ar dhul chun cinn

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an ábhar thuasluaite, a d'eascair as an bplé a rinneadh sa Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta.

An Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an Rialachán "Leasaitheach" atá beartaithe

Ar an 1 Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán lena leasaítear na Rialacháin seo a leanas atá ann faoi láthair: Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le Comheagrú na Margaí Talmhaíochta (CEM), Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, Rialachán (AE) Uimh. 251/2014 i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus Rialachán (AE) Uimh. 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha (dá ngairtear an "Rialachán Leasaitheach" anseo feasta). Tá dhá thogra eile mar chuid de phacáiste athchóirithe CBT: rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT agus rialachán maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air.

Aithníodh an Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta mar an comhlacht ullmhúcháin a bhfuil sé de chúram air scrúdú a dhéanamh ar an Rialachán Leasaitheach atá beartaithe. Léirítear sa tuarascáil seo an obair a rinne an Mheitheal sin ar an 4 agus ar an 20 Iúil agus ar an 12 Meán Fómhair 2018. Scrúdaíodh an méid seo a leanas go háirithe:

- na leasuithe a rinneadh ar an CEM reatha (Rialachán 1308/2013) a d'eascair siocair gur athshannadh na hidirghabhálacha earnála chuig an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT, go ndearnadh an cúnamh faoin scéim scoile a athríomh, gur cuireadh ar ceal na forálacha atá imithe i léig a bhaineann leis an earnáil siúcra agus le fóirdheontais onnmhairithe, agus mar gheall ar athruithe san earnáil fíona;
- an laghdú ar leithdháiltí buiséid i Rialachán 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus i Rialachán 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha;
- an t-athbhreithniú agus an comhchuibhiú atá á mbeartú ar na rialacha maidir le sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair (leasuithe ar Rialachán 1151/2012) agus d'fhíonta (leasuithe ar Rialachán 1308/2013), agus ionchorprú na bhforálacha maidir le tásca geografacha do tháirgí fíona cumhraithe (leasuithe ar Rialachán 251/2014) i Rialachán 1151/2012.

Scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta an measúnú tionchair (lena gcumhdaítear na trí thogra reachtacha don athchóiriú ar an gcomhbheartas talmhaíochta) i mí an Mheithimh.

Chuir cuid de na toscaireachtaí in iúl go raibh forchoimeádais ghrinnscrúdaithe acu, forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha san áireamh, ag na cruinnithe tosaigh a bhí ag an Meitheal um Tháirgí Talmhaíochta.

Pléadh gnéithe airgeadais an togra, amhail an athríomh a bheartaítear a dhéanamh ar an gcabhair i dtaca le torthaí agus glasaí agus le bainne agus táirgí bainne a sholáthar i bhforais oideachais (an scéim scoile) agus na leithdháiltí buiséid a fhoráiltear i Rialachán 228/2013 maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus Rialachán 229/2013 maidir le hoileáin bheaga Aeigéacha, mar chuid den chaibidlíocht chothrománach maidir le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

Gheobhaidh na toscaireachtaí achoimre thíos ar na príomhbharúlacha a chuir na Ballstáit in iúl agus ar na ceisteanna a d'ardaigh siad maidir le codanna difriúla den togra a scrúdaigh an Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta:

CEM (Rialachán 1308/2013) (cé is moite d'fhíon):

- Chomh maith leis na tograí atá sa Rialachán Leasaitheach, chuir a lán Ballstát in iúl gur mian leo na hionstraimí margaidh a nuachóiriú agus a oiriúnú. Moladh meastóireacht a dhéanamh ar an idirghabháil phoiblí agus í a thabhairt cothrom le dáta. Díriodh ar ghnéithe tacaíochta margaidh níos solúbtha agus ar ról níos gníomhaí don Choimisiún Eorpach, agus béim á leagan ag an gCoimisiún Eorpach ar na bearta géarchéime a feidhmíodh ar bhealach solúbtha le linn na géarchéime bainne san am a chuaigh thart.
- Ba cheart níos mó saoirse a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe agus athbhreithniú a dhéanamh ar na feabhsuithe a chuirtear chun feidhme trí rialachán "omnibus" a athbhreithniú. Cuireadh cúpla ceist shonrach, go háirithe maidir le hAirteagal 149 agus Airteagal 152 de Rialachán 1308/2013, agus tá an Coimisiún sásta athbhreithniú a dhéanamh ina leith agus freagra a thabhairt i scríbhinn.
- Tá eagla ar chuid de na Ballstáit go mbeidh níos mó ceanglas riaracháin ann má dhéantar na cláir earnála a athshannadh chuig an Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT. D'iarr cuid mhór Ballstát go leanfaí gan bhriseadh, ar feadh tréimhse 5 bliana eile, leis na cláir earnála atá á reáchtáil, agus a ndearnadh iad a fhorbairt cheana ar bhonn na rialacha is infheidhme faoi láthair. Níor cheart cur isteach ar na cláir atá ar bun faoi láthair leis an athshannadh chuig an Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach. Cíoradh an cheist sin go mion sa phlé a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Talmhaíochta Cothrománacha faoin Rialachán maidir leis an bPlean Straitéiseach faoi CBT.

- Cháin roinnt de na Ballstáit an moladh go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún Eorpach gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh (ionas leasú a dhéanamh ar shainmhínithe san Iarscríbhinn) agus d'iarr siad go gcuirfí teorainn le cumhachtaí den chineál sin.
- De réir an togra, laghdófar na cistí do na scéimeanna scoile freisin, ó EUR 250 m go tuairim is EUR 220.8 mar gheall ar tharraingt siar na gcistí a leithdháileadh ar an Ríocht Aontaithe go dtí seo. Ní aontaíonn roinnt Ballstát leis sin, agus tá siad ag iarraidh go gcoimeádfaí an creat airgeadais mar a bhí chun gur fearr a chomhlíonfaí an cuspóir atá ann aiste bia shláintiúil a chur chun cinn.
- Bhíothas ar aon fhocal i gcoitinne maidir leis an méid a bheartaítear a scríosadh mar thoradh ar dheireadh a chur leis na cuótaí siúcra agus na haisíocaíochtaí i ndáil le honnmhairithe (i gcomhréir le Cinneadh Aireachta Nairobi de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála). Mar sin féin, cuireadh in aghaidh roinnt de na nithe eile a moladh a scríosadh (blianta airgeadais, rialacha maidir le hallmhairiú cnáibe nó a bhaineann le cáilíochtaí caighdeánacha biatais siúcra); ní mór iad a shoiléiriú maidir leis an tionchar a bheidh acu, lena n-áirítear a dtionchar ar thagairtí sa reachtaíocht thánaisteach.
- Rinneadh moltaí eile le linn an chruinnithe, agus sna barúlacha i scríbhinn ó na Ballstáit, nach mór a phlé ar leibhéal na saineolaithe.

Laghdú ar na leithdháilte buiséid i Rialachán 228/2013 agus i Rialachán 229/2013

- Dhiúltaigh na Ballstáit lena mbaineann glan don laghdú 3.9% ar na cistí do na réigiúin is forimeallaí (Airteagal 4) agus do na hoileáin bheaga Aeigéacha agus dhiúltaigh siad don tagairt a rinneadh do Mheabhrán Mhaidrid. Pléifear na cistí gaolmhara agus na cistí don chlár scoile le linn na caibidlíochta maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil.

Sonrúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-ábhair agus d'fhíonta cumhraithe (Rialachán 1151/2012) agus d'fhíonta (Rialachán 1308/2013)

- Moladh go sainráite i bprionsabal an feabhas atá tagtha ar éifeachtúlacht agus ar chomhchuíbhiú na nósanna imeachta, rud ab aidhm do na leasuithe atá beartaithe. Luadh a thábhachtaí atá sé go mbeadh na forálacha atá sna tásca geografacha sna hearnálacha bia, fíona agus fíona cumhraithe ag teacht le chéile. Ós rud é go mbíonn blianta fada i gceist le nósanna imeachta, leag na Ballstáit béim faoi leith ar an ngá atá le simpliú agus le luasghéarú san earnáil fíona.
- Is céim i dtreo comhchuíbhiú é áireamh na dtáirgí fíona cumhraithe i Rialachán 1151/2012. Is le Caibidil III - Tásca Geografacha - den Rialachán seo, agus leis sin amháin, a bhaineann na leasanna a bheartaítear - ba cheart na codanna eile a choimeád ós rud é gurb iad a shainmhíníonn an ní is táirge fíona cumhraithe ann agus a leagann síos na rialacha maidir le lipéadú.
- Chuir cuid mhór Ballstát in iúl gur mian leo go gcoimeádfaí an oibleagáid maidir le fianaise a áireamh sna sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) /tásca geografacha faoi chosaint (TGFC) i gcás bia, mar chruthúnas gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh an táirge.
- Tacaíodh i gcoitinne leis an gcosaint a leathnú le go gclúdófaí earraí faoi bhealach agus tráchtáil leictreonach. Moladh an fhoráil seo a bhunú ar na rialacháin chustaim nó ar an Rialachán maidir le trádmharc AE.
- Ós rud é go bhféadfaí an chosaint a thugtar do thásca geografacha a lagú leis an moladh deireadh a chur le haon teorainn ama i ndáil le hidirthuras agus go bhféadfaí mearbhall a chur ar thomhaltóirí, b'fhearr leis na Ballstáit an nós imeachta scrúdúcháin a choimeád chun gníomhartha cur chun feidhme lena gceadaítear idirthréimhse a ghlacadh.
- Glacadh dearfach, den chuid is mó, a bhí leis an gcoincheap go ndéanfaí idirdhealú i Rialachán 1151/2012, mar a dhéantar in earnáil an fhíona, idir leasuithe de chuid an Aontais agus leasuithe caighdeánacha. Mar sin féin, ba cheart a bheith níos soiléire ó thaobh na leasuithe a rúnaicmiú. Cháin cuid de na Ballstáit an chumhacht atá ag an gCoimisiún Eorpach rialacha breise a ghlacadh maidir leis an bpróiseas lena ndéantar iarratais i leith leasuithe.

- Bhí cuid de na Ballstáit i bhfabhar fachtóirí daonna a áireamh mar chuid roghnach de na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, chun nach mbeadh cur síos treallach i gceist i gcásanna nach ábhartha fachtóirí daonna le haghaidh saintréithe táirge; bhí Ballstáit eile ina choinne sin agus é á áitiú acu gur gné thábhachtach de na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint fachtóirí daonna.
- Ní rabhthas sásta an nós imeachta a chur ar fionraí ar leibhéal an Aontais i gcás nósanna imeachta náisiúnta in aghaidh an chinneadh ar chlárú.
- Mheas a lán de na Ballstáit nach raibh na rialacha maidir le teorainn a chur le grinnschrúdú an Choimisiúin Eorpaigh chun earráidí follasacha a aimsiú sách soiléir.
- Cuireadh imní in iúl maidir leis an tréimhse freasúra a laghdú i Rialachán 1151/2012 go trí mhí, agus glacadh leis an síneadh ó dhá mhí go trí mhí san earnáil fíona.
- Iarradh soiléiriú maidir leis an sainmhíniú atá beartaithe i ndáil le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint i gcás fíona (athruithe ar Airteagal 93) maidir le síneadh a chur leis na cineálacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ann agus leis an ainm lena sainaitheann an táirge (go heisiach áit, réigiún nó tír?).

Rialacha na hearnála fíona (Rialachán 1308/2013)

- I dtaca le síneadh a chur leis na húdarúcháin do phlanduithe nua (teorainn 1%), fiú más rud é gur díol sásaimh don chuid is mó de na Ballstáit an togra, dearcadh diúltach a bhí sa chéad-dearcadh ag cuid díobh. Rachadh sé chun tairbhe na mBallstát sonraí áirithe a fháil chun go mbeidís in ann measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an leasú atá beartaithe. Moladh freisin a bheith níos solúbtha ó thaobh bainistiú an dá údarú do phlanduithe nua agus an acmhainneacht táirgthe a chaomhnú.

- Réitigh neamhdhíobhálacha don chomhshaol a thairiscint don earnáil – sin í an réasúnaíocht atá laistiar den síneadh a bheartaítear a chur leis na cineálacha éagsúla fionchaor atá incháilithe le haghaidh a n-aicmithe i mBallstáit agus den mholadh na sé chineál éagsúla nach bhfuil ceadaithe a chur san áireamh. Mar sin féin, cuireadh inní in iúl maidir leis na rioscaí a bhaineann leis na cineálacha éagsúla sin nach bhfuil ceadaithe ó thaobh na sláinte agus na cáilíochta de agus bhí cuid mhór Ballstát i bhfabhar an *status quo* a choimeád.
- Tugtar aird ar threochtaí margaidh reatha agus ar dhálaí sláinte tomhaltóirí sa mholadh maidir le táirgí nua finíúna dí-alcólaithe a thabhairt isteach. Mar sin féin, caithfear tuilleadh plé a dhéanamh ar an leibhéal teicniúil chun teacht ar chomhaontú maidir leis an téarmaíocht cheart ionas nach gcuirfear mearbhall ar an tomhaltóir leis na téarmaí "dí-alcólaithe" agus "páirt dhí-alcólaithe" atá beartaithe. Thairis sin, i gcás na catagóire deiridh, ba cheart leibhéal uasta alcóil a shocrú. Ar deireadh, ní rabhthas ar aon fhocal an bhféadfaí an focal "fion" a úsáid do tháirgí den chineál sin.
- Rinneadh an riail maidir le táirgí nach gcomhlíonann na rialacha maidir le lipéadú a aistarraingt ón margadh a aistriú ó Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 go dtí an togra reatha. D'iarr na Ballstáit níos mó coimhdeachta i dtaca le ceisteanna mar sin.
- Tharraing cuid de na Ballstáit tograí breise anuas amhail forálacha i ndáil le dearbhú éigeantach maidir le cothú agus liosta comhábhar nó leasuithe a bhaineann le próisis fhíoneolaíocha.
